CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1053 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Bealtaine 2023

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais oibríochtúla le haghaidh na seirbhísí rialtasacha a sholáthraítear faoi Chlár an Aontais um Nascacht Shlán agus a phunann seirbhísí

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2023 lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027 ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) agus Airteagal 10(4) agus (5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é is cuspóir do Chlár an Aontais um Nascacht Shlán, arna bhunú le Rialachán (AE) 2023/588, soláthar agus infhaighteacht fhadtéarmach rochtain neamh-idirbhriste ar fud an domhain ar sheirbhísí cumarsáide satailíte rialtasaí atá slán, uathrialaitheach, iontaofa agus costéifeachtach a áirithiú d'úsáideoirí rialtais trí chóras nascachta slán a bhunú faoi rialú sibhialta.

(2) Ba cheart ceanglais oibríochtúla Chlár an Aontais um Nascacht Shlán a leagan síos i bhfoirm sonraíochtaí teicniúla agus pleananna cur chun feidhme le haghaidh seirbhísí rialtais a bhaineann go háirithe le bainistiú géarchéime, faireachas agus bainistiú príomhbhonneagair, lena n-áirítear líonraí cumarsáide taidhleoireachta agus cosanta agus riachtanais úsáideoirí eile rialtasacha.

(3) Ba cheart an phunann seirbhísí le haghaidh na seirbhísí rialtasacha a shuí, lena n-áirítear seirbhísí atá teoranta d'úsáideoirí atá údaraithe ag an rialtas ar bhonn bhonneagar an rialtais, agus seirbhísí d'úsáideoirí rialtais freisin ar bhonn an bhonneagair tráchtála, amhail seirbhís aga folaigh ísil áirithithe ar fud an domhain nó seirbhís caolbhanda ar fud an domhain. Punann seirbhísí sheirbhísí cumarsáide satailíte an rialtais ('GOVSATCOM') arna bunú faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), ba cheart í a chur san áireamh sa phunann seirbhísí le haghaidh na seirbhísí rialtasacha.

(4) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Cláir a bhunaítear le hAirteagal 107 de Rialachán (AE) 2021/696, i gcomhthiomsú GOVSATCOM.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An phunann seirbhísí le haghaidh na seirbhísí rialtasacha a sholáthraítear faoi Chlár an Aontais um Nascacht Shlán

1. Déanfar an córas lena gcuirtear Clár an Aontais um Nascacht Shlán chun feidhme a dhearadh chun na seirbhísí cumarsáide satailíte seo a leanas a sholáthar nó a chumasú:

(a) na seirbhísí seo a leanas a thairgtear d'úsáideoirí rialtais ar bhonn an bhonneagair rialtasaigh:

(i) Seirbhís #1: Seirbhís Aga Folaigh Ísil Stóinseach ar fud an Domhain;

(ii) Seirbhís #2: Córas Athsheachadta Sonraí Spáis;

([1]) IO L 79, 17.3.2023, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69).

(b) na seirbhísí seo a leanas a thairgtear d'úsáideoirí rialtais ar bhonn an bhonneagair tráchtála:

(i) Seirbhís #3: Seirbhís Aga Folaigh Ísil Áirithithe ar fud an Domhain;

(ii) Seirbhís #4: Seirbhís Caolbhanda Áirithithe ar fud an Domhain.

Comhlíonfaidh na seirbhísí dá dtagraítear sa chéad fhomhír na ceanglais maidir le próifílí réamhshainithe na seirbhísí sin a leagtar amach san Iarscríbhinn.

2. Déanfar punann seirbhísí an chórais lena gcuirtear Clár an Aontais um Nascacht Shlán chun feidhme a chur in oiriúint do gach seirbhís agus a sheachadadh do na húsáideoirí deiridh i gcomhréir leis na scéimeanna soláthair seo a leanas:

(a) scéim seirbhísí ó cheann go ceann, ina soláthraítear an tseirbhís ón ródaire/lasc ar thaobh an stáisiúin ancaire go dtí an ródaire/lasc ar thaobh theirminéal na n-úsáideoirí, lena n-áirítear an fhéidearthacht an líonra seachtrach a sholáthar ar thaobh an stáisiúin ancaire;

(b) scéim seirbhísí bainistithe, ina ráthaítear soláthar na seirbhíse cé is moite den teirminéal.

Airteagal 2

Rialacha agus Ceanglais Oibríochtúla maidir le Soláthar Seirbhísí Rialtasacha

Beidh feidhm ag na rialacha agus na ceanglais oibríochtúla seo a leanas maidir le soláthar seirbhísí rialtasacha:

(1) I dtéarmaí acmhainní agus sciartha na rannpháirtithe:

(a) le hacmhainní an chórais lena gcuirtear Clár an Aontais um Nascacht Shlán chun feidhme arb é is aidhm dó Seirbhísí #1, #2, #3 agus #4 a shainítear san Iarscríbhinn a sholáthar, leathnófar Comhthiomsú Coiteann an Aontais a shainítear in Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1055 ón gCoimisiún ([3]). '*Comhthiomsú Méadaithe de chuid an Aontais*' atá iontu.

(b) socróidh an Coimisiún an líon breise comharthaí ('comharthaí naisc shláin') atá le cur le comharthaí GOVSATCOM mar a shainítear in Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1055.

(c) leanfaidh athdheighilt na gcomharthaí naisc shláin i measc rannpháirtithe sa Chlár na rialacha a shainítear in Airteagal 5 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1055. Mar sin féin, d'fhéadfadh éagsúlacht a bheith ann in athdheighilt na gcomharthaí naisc shláin idir na Ballstáit, institiúidí an Aontais agus corrlach na lamhála géarchéime a shainítear in Airteagal 5(2).

(2) I dtéarmaí leithdháileadh na seirbhísí:

(a) maidir le soláthar na seirbhísí arna soláthar ag an gcóras lena gcuirtear chun feidhme Clár an Aontais um Nascacht Shlán do na rannpháirtithe, leanfar na scéimeanna seasta agus dinimiciúla mar a shainítear in Airteagail 6, 7 agus 8 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1055

(b) maidir le leithdháileadh na coda seasta agus na coda dinimiciúla de Sheirbhísí #1 agus #2 a shainítear san Iarscríbhinn, leanfar an cur chuige a shainítear in Airteagal 6(1), (3) agus (4), Airteagal 7(1), (5), (6), (7) agus (8) agus Airteagal 8 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1055

(c) maidir le leithdháileadh na coda seasta agus na coda dinimiciúla de Sheirbhísí #3 agus #4 a shainítear san Iarscríbhinn, leanfar an cur chuige a shainítear in Airteagail 6, 7 agus 8 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1055

(d) maidir leis na seirbhísí a sholáthraíonn an córas lena gcuirtear Clár an Aontais um Nascacht Shlán chun feidhme, déanfar iad a chúiteamh agus úsáid á baint as comharthaí. Áireofar luach an chúitimh ina chomharthaí le haghaidh gach rogha seirbhíse sa togra maidir le seirbhísí a chuirfear faoi bhráid Údarás Inniúil GOVSATCOM.

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1055 ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2023 maidir leis na rialacha a leagan amach maidir le comhroinnt agus cur in ord tosaíochta acmhainneachtaí cumarsáide satailíte, seirbhísí, agus trealaimh úsáideoirí, chun an fheidhm dá dtagraítear in Airteagal 66(2) de Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhlíonadh (féach leathanach 57 den Iris Oifigiúil).

(3) I dtéarmaí próifílí seirbhíse, iarrataí agus cur in ord tosaíochta:

(a) sainítear na próifílí seirbhíse de réir luachanna a bpríomhthréithe. Leagtar amach na próifílí seirbhíse réamhshainithe san Iarscríbhinn.

(b) féadfaidh na húsáideoirí iarrataí ar sheirbhísí a eisiúint mar a shainítear in Airteagal 9 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1055

(c) leanfaidh na hiarrataí ar sheirbhísí na rialacha mar a shainítear in Airteagal 9 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1055. Sannfaidh Mol GOVSATCOM an iarraidh do chomhthiomsú Leathnaithe an Aontais, lena n-áirítear an acmhainneacht a sholáthraítear le Clár an Aontais um Nascacht Shlán.

(d) aon choinbhleacht a bhaineann leis an iarraidh ar sheirbhísí, lena n-áirítear an gá le réamhghabháil na seirbhísí, leanfaidh sí na rialacha a shainítear in Airteagal 11 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1055

(4) I dtéarmaí loighic an imlonnaithe:

(a) déanfar an córas lena gcuirtear Clár an Aontais um Nascacht Shlán chun feidhme a cheapadh mar chóras modúlach agus inscálaithe, a leathnaíonn de réir a chéile an chuid spáis de réir éabhlóid éileamh na seirbhísí i gcaitheamh shaolré na seirbhíse.

(b) féadfar infheistíocht ón earnáil phríobháideach i gcomhréir le héagsúlacht san éileamh sa mhargadh a áireamh i modúlacht agus inscálaitheacht an chórais lena gcuirtear Clár an Aontais um Nascacht Shlán chun feidhme.

(c) ní dhéanfaidh aon ghníomhaíocht athshlánaithe ar leibhéal na Coda Spáis ná na Coda ar Thalamh difear do leanúnachas na seirbhísí oibríochtúla.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Iarscríbhinn

Próifílí réamhshainithe le haghaidh na seirbhísí rialtasacha a sholáthraítear faoi Chlár an Aontais um Nascacht Shlán

Tábla 1

Seirbhís #1: Seirbhís Aga Folaigh Ísil Stóinseach ar fud an Domhain

Gné	Sonraíochtaí teicniúla
Banda minicíochta	Ka-Gov; eile
An ráta sonraí	Leibhéil seirbhíse an naisc tréchuir Anonn/Anall in aghaidh an úsáideora: — Íseal: < 1Mbps — Meánach: >=1Mbps agus < 5Mbps — Ard: >=5Mbps agus < 50Mbps — An-Ard: >=50Mbps
Cumhdach geografach	Domhanda
Infhaighteacht (i gcaitheamh bliana)	99,5 %
Aga folaigh	— Níos lú ná 40 ms (aontreo ó cheann go ceann) thar chríoch ilchríochach an Aontais — Níos lú ná 80 ms (Aga Dé-Aistir Idirlín) thar chríoch ilchríochach an Aontais
Teirminéal na n-úsáideoirí	Seasta/Soghluaiste/Fánaíochta
Stóinseacht agus gnéithe slándála	Stóinseach

Tábla 2

Seirbhís #2: Córas Athsheachadta Sonraí Spáis

Gné	Sonraíochtaí teicniúla
Banda minicíochta	Optúil
An ráta sonraí	Braitheann sé ar chás na nascachta (teaglaim d'eintitis úsáideora agus d'eintitis cinn scríbe): — >=1 Gbps agus < 10 Gbps — >=10 Gbps
Cumhdach geografach	Domhanda
Eintiteas úsáideora/eintiteas cinn scríbe	— Satailítí an chórais lena gcuirtear chun feidhme Clár an Aontais um Nascacht Shlán — Satailítí tríú páirtí — Aerardán breathnóireachta — Stáisiún talún
Stóinseacht agus gnéithe slándála	Stóinseach

Tábla 3

Seirbhís #3: Seirbhís Aga Folaigh Ísil Áirithithe ar fud an Domhain

Gné	Sonraíochtaí teicniúla
An ráta sonraí	Leibhéil seirbhíse an naisc tréchuir Anonn/Anall in aghaidh an úsáideora: — Íseal: < 1Mbps — Meánach: >=1Mbps agus < 5Mbps — Ard: >=5Mbps agus < 50Mbps — An-Ard: >=50Mbps
Cumhdach geografach	Domhanda
Infhaighteacht (i gcaitheamh bliana)	99,5 %
Aga folaigh	— Níos lú ná 50 ms (aontreo ó cheann go ceann) thar chríoch ilchríochach an Aontais — Níos lú ná 100 ms (Aga Dé-Aistir Idirlín) thar chríoch ilchríochach an Aontais
Teirminéal na n-úsáideoirí	Seasta/Soghluaiste/Fánaíochta
Stóinseacht agus gnéithe slándála	Áirithithe

Tábla 4

Seirbhís #4: Seirbhís Caolbhanda Áirithithe ar fud an Domhain

Gné	Sonraíochtaí teicniúla
An ráta sonraí	An nasc tréchuir Anonn/Anall in aghaidh an úsáideora: 2 Kbps go 1 Mbps
Cumhdach geografach	Domhanda
Infhaighteacht (i gcaitheamh bliana)	98 %
Teirminéal na n-úsáideoirí	Idirlíon na Rudaí Nithiúla agus trealamh úsáideora caolbhanda eile
Stóinseacht agus gnéithe slándála	Áirithithe